Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Nollaig 2025
(OR. en)

15824/25

LIMITE

CORLX 1115
CFSP/PESC 1699
COLAC 193

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/2319 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háítí |

**CINNEADH (CBES) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/2319**
**a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háítí**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Samhain 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/2319[1].

(2) An 28 Iúil 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1574[2], lenar leasaíodh Cinneadh (CBES) 2022/2319, agus lena mbunaítear creat tiomnaithe le haghaidh bearta sriantacha spriocdhírithe i gcoinne daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá freagrach as gníomhaíochtaí a chuireann síocháin, cobhsaíocht agus slándáil Háítí i mbaol agus a bhaineann an bonn den daonlathas nó den smacht reachta i Háítí, agus i gcoinne daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil baint acu leo.

(3) Sna conclúidí uaithi an 17 Deireadh Fómhair 2024, thug an Comhairle Eorpach le fios gur údar mór imní di go fóill an staid i Háítí, agus d'iarr sí go gcuirfí smachtbhannaí spriocdhírithe nua ar dhaoine aonair agus eintitis atá freagrach as an bhforéigean, chun rannchuidiú le hathbhunú na síochána, na slándála, na cobhsaíochta, an daonlathais agus an smachta reachta i Háítí.

---

1 Cinneadh (CBES) 2022/2319 ón gComhairle an 25 Samhain 2022 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háítí (IO L 307, 28.11.2022, lch. 135, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/2319/oj).

2 Cinneadh (CBES) 2023/1574 ón gComhairle an 28 Iúil 2023 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/2319 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háítí (IO L 192, 31.7.2023, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1574/oj).



PUBLIC

(4) I bhfianaise na staide polaitiúla, eacnamaíche, slándála agus daonnúla atá ag dul in olcas i Háítí, lena n-áirítear mar thoradh ar an bhforéigean droinge atá ag dul in olcas, ar sháruithe tromchúiseacha ar chearta an duine arna ndéanamh gan staonadh ag na dronga, agus ar an tsaoirse leanúnach ó phionós do dhéantóirí coire, ba cheart triúr daoine aonair agus eintiteas amháin a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2022/2319.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2022/2319 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2022/2319 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN**

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2022/2319 mar a leanas:

(1) faoin gceannteideal 'A. Liosta na ndaoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 2a(1) agus in Airteagal 3a(1)', cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '7. | Michel Joseph MARTELLY<br>ar a dtugtar freisin Sweet Micky | Feidhm: iarUachtarán Háítí (2011-2016); iarUachtarán CARICOM (Eanáir 2023 - Iúil 2023) | Ghlac Michel Martelly, iarUachtarán Phoblacht Háítí (2011-2016), páirt dhíreach i gcruthú Bhunáit droinge 257. Mhaoinigh, d'urraigh agus thacaigh sé le roinnt dronganna, go háirithe Bunáit 257 ach Village de Dieu, Ti Bois agus Grand Ravine freisin, chun a leasanna eacnamaíocha a chosaint, a chlár oibre polaitiúil agus a chríocha rialaithe a chur chun cinn, go háirithe trí airm thine agus gunnaí a sholáthar dóibh. Trí na grúpaí sin a mhaoiniú, tá sé freagrach freisin as na mí-úsáidí a rinne siad agus, dá bhrí sin, chuir sé le neamhshláine agus le héagobhsaíocht i Háítí ó thaobh airgeadais de.<br>Dá bhrí sin, tá Michel Martelly freagrach as gníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, cobhsaíocht agus slándáil Háítí i mbaol. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo mar dháta an liostaithe.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 8. | Youri LATORTUE | Feidhm: iar-chomhairleoir an Uachtaráin Michel Martelly (2011-2016) iarUachtarán an tSeanaid (2017-2018); iar-sheanadóir roinn Artibonite; Comhordaitheoir an pháirtí 'L'Ayiti an Aksyon' (AAA), ar a dtugtaí 'L'Artibonite en Action' roimhe seo (LAAA) | Is é Youri Latortue bunaitheoir an pháirtí pholaitiúil L'Ayiti an Aksyon (AAA), iar-sheanadóir roinn Artibonite, agus iar-chomhairleoir an Uachtaráin Michel Martelly le linn a uachtaránachta (2011-2016). Bhí sé ina uachtarán ar an Seanad freisin ón 13 Eanáir 2017 go dtí an 9 Eanáir 2018.<br>Tá dronganna 'Raboteau' agus 'Kokorat San Ras' armtha agus maoinithe ag Youri Latortue, chun a chlár oibre polaitiúil a chur chun cinn agus chun a leasanna pearsanta agus eacnamaíocha a chosaint, go háirithe i roinn Artibonite. Tá na dronga sin fós gníomhach sa lá atá inniu ann, agus iad i mbun fuadaigh agus cambheartaíochta, i measc gníomhaíochtaí eile.<br>Dá bhrí sin, tá Youri Latortue freagrach go hindíreach as gníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, cobhsaíocht agus slándáil Háítí i mbaol. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo mar dháta an liostaithe.

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 9. | Rony CELESTIN<br>ar a dtugtar freisin Rony APOLLON | Feidhm: iar-theachta (2011-2017); iar-sheanadóir (2017-2023). | Tá baint ag Rony Celestin, iar-sheanadóir Háítí, le foréigean a bhaineann le grúpaí armtha agus smuigleáil. Tá sé freagrach go háirithe as dúnmharú an iriseora Néhémie Joseph a eagrú, a nocht a ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha agus a éilliú.<br>Dá bhrí sin, tá Rony Celestin freagrach go hindíreach as gníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, cobhsaíocht agus slándáil Háítí i mbaol. | [+]'; |

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo mar dháta an liostaithe.



PUBLIC

(2) Faoin gceannteideal 'Liosta na ndaoine dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3a(1)', cuirtear an tábla agus an iontráil seo a leanas leis:

'

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1. | 5 Segond gang (Drong 5 Segond) | Drong ó Háítí atá lonnaithe i gcomharsanacht 'Village de Dieu' in Port-au-Prince. | Is drong chumhachtach i Háítí í drong 5 Segond, atá lonnaithe i gcomharsanacht Village-de-Dieu in Port-au-Prince. Is é Johnson André, ar a dtugtar freisin 'Izo', mar cheannaire air. Bhí drong 5 Segond mar chuid oifigiúil de chomhghuaillíocht drong G-Pèp. In 2024, bhunaigh G-Pèp agus a iar-iomaitheoirí, G9 Family agus Allies, comhghuaillíocht nua, Viv Ansanm (ar a dtugtar freisin Maireachtáil le Chéile). I dteannta a chéile, mhéadaigh siad na hionsaithe ar institiúidí stáit agus chuir siad leis an éagobhsaíocht. Ina theannta sin, déanann drong 5 Segond gadaíocht, éigniú, fuadach, dúnmharú, píoráideacht agus sracadh, cuireann sé bac ar chabhair dhaonnúil agus bíonn sé ag gabháil do gháinneáil ar airm agus ar dhrugaí.<br><br>Dá bhrí sin, tá 5 Segond freagrach as gníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, cobhsaíocht agus slándáil Háítí i mbaol | + |

'.

---

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo mar dháta an liostaithe.